Cód: QA229

Teideal: Rialacháin Scrúduithe

Dáta: 28 Márta 2023

Faomhadh: Coiste Seasta na Comhairle Acadúla

## 1. Cuspóir

Is é an cuspóir atá leis an bpolasaí seo mic léinn a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis na rialacháin a rialaíonn scrúduithe.

## 2. Scóip

Rialaítear gach scrúdú Ollscoil na Gaillimhe de réir na rialachán seo. Ní mór do gach mac léinn a chinntiú go bhfuil na rialacháin seo léite acu agus go dtuigeann siad go hiomlán iad roimh scrúduithe a shuí.

## 3. Léirmhíniú

"**Iarrthóir**" – an té atá ag tabhairt faoi scrúdú.

**"Príomhfheitheoir"** an té atá freagrach as iona(i)d scrúduithe a bhainistiú agus a chomhordú.

**"GSS"** an Grúpa Slándála Scrúduithe (GSS) a fhiosraíonn gach cás a mbíonn amhras ann gur sáraíodh
Rialacháin Scrúduithe na hOllscoile.

**"Feitheoir"** an té ag scrúdú a chinntíonn go reáchtáiltear scrúduithe Ollscoile chomh maith agus chomh héifeachtach agus is féidir agus de réir rialacháin na hOllscoile

**Scrúduithe Ollscoile – Rialacháin**

1. Tá Amchláir Phearsanta ar fáil ar láithreán gréasáin Oifig na Scrúduithe agus ansin amháin.
2. Tá sé de cheart ag an Ollscoil, nuair a éilíonn cúinsí é, na hamanna agus/nó na hionaid a bhí socraithe chun na scrúduithe a thionól nó aon ghné eile de na socruithe a athrú. Ní féidir am scrúdaithe a athrú de bharr cúiseanna pearsanta lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh seo a leanas:
    a. Gealltanais oibre nó chreidimh
    b. Míléamh ar sceideal na scrúduithe
    c. Freastal ar ócáidí teaghlaigh
    d. Laethanta saoire nó taisteal
    e. Amchrios
3. Bíonn an Ollscoil ag súil le mic léinn iad féin a iompar ar bhealach a chinntíonn go gcaitear le dínit agus le meas le gach mac léinn agus comhalta foirne. Táthar ag súil go dtabharfaidh mic léinn aird ar údarás fhoireann na hOllscoile, na feitheoirí san áireamh sa chás seo, agus iad i mbun a gcuid dualgas.
4. Ní eiseofar aon chárta/uimhir scrúdaithe. Beidh iarrthóirí ina suí mar seo a leanas plean suíocháin, leagtha amach le huimhir aitheantais an mhic léinn (“ID”).
5. Sa chás go dtugtar plean suíocháin do mhic léinn le haghaidh scrúdaithe, is sárú scrúdaithe é mura suíonn an mac léinn sa suíochán a leagadh amach dó/di.
6. Nuair a bhíonn scrúdú ar siúl ar ríomhaire is sárú scrúdaithe é do mhic léinn a scáileán ríomhaire a mhéadú.
7. Ní féidir málaí ná earraí pearsanta eile a fhágáil ag na bealaí isteach agus amach as na hionaid scrúdaithe ná in aice leis na bealaí sin ná a fhágáil istigh sna hallaí scrúduithe. Moltar do mhic léinn gan málaí láimhe ná earraí luachmhara eile a thabhairt chuig ionaid scrúduithe. Caithfear iad a fhágáil taobh amuigh den halla scrúduithe ar a bpriacal féin. Ní ghlacann an Ollscoil aon fhreagracht as earraí pearsanta a fhágtar gan feighil.
8. Ní mór d’iarrthóirí a gcárta aitheantais Ollscoile reatha a chur ar taispeáint le seiceáil. Beidh fíneáil le híoc mura mbeidh cárta aitheantais bailí ag an mac léinn ag an scrúdú.
9. Cuirfear dhá phlean suíochán ar taispeáint taobh amuigh den halla scrúduithe;

beidh uimhreacha na suíochán ar cheann acu agus beidh uimhir aitheantais na mac léinn lena mbaineann siad ar an gceann eile.

10. Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí a chinntiú go bhfuil siad ag freagairt an pháipéir scrúdaithe chuí. Ní mór d'iarrthóirí teideal an pháipéir a sheiceáil agus aon treoracha a léamh go cúramach sula dtosaíonn siad ar an scrúdú. Ba cheart go mbeadh a fhios ag iarrthóirí go bhféadfadh ceisteanna a bheith ar dhá thaobh an leathanaigh sna páipéir scrúduithe. Ba cheart aon cheist atá ann a chur ar fheitheoir láithreach.
11. Má thugtar cead d'iarrthóirí an halla a fhágáil ar feadh tréimhse ghairid, e.g. tinneas, leithreas a úsáid, beidh orthu bileog a shíniú, bileog a chomhshíneoidh an feighlí a ghabhfaidh leo, agus coinneofar cuntas ar an tréimhse a mbeidh siad as láthair.
12. Sosanna leithris – Rachaidh feitheoir den inscne chéanna in éineacht leis an mac léinn go dtí an leithreas, nuair is féidir. Iarrfar ar gach mac léinn a dheimhniú nach bhfuil aon ábhar ar iompar acu. D'fhéadfaí go n-iarrfaí orthu a muinchille a tharraingt suas freisin. Comhlánófar foirm leis na sonraí riachtanacha. Coinníonn Oifig na Scrúduithe taifead ar chuairteanna ar sheomraí folctha i gcás tinrimh.
13. Iarrfar ar iarrthóirí bheith i láthair 15 nóiméad ar a laghad roimh thús gach scrúdaithe.
14. Mura gceadaíonn an feitheoir-i-bhfeighil é:-
    a. ní ligfear iarrthóirí isteach sa halla scrúduithe má bhíonn siad níos mó ná 60 nóiméad mall
    b. ní cheadófar d'iarrthóirí an halla scrúduithe a fhágáil go dtí go mbeidh 60 nóiméad caite ón am ar cuireadh tús leis an scrúdú ná sa 30 nóiméad deiridh
    c. ní cheadófar d'iarrthóirí filleadh ar an halla scrúduithe, ach amháin mar atá léirithe faoi 9 thuas.
15. Ní cheadaítear d'iarrthóirí tosú ag scríobh ar fhreagarleabhair go dtí go dtugann an feighlí treoir dóibh déanamh amhlaidh.
16. Ní mór d'iarrthóirí na mionsonraí éagsúla atá iarrtha a bhreacadh sna freagarleabhair go cúramach. Má bhíonn rud ar bith de dhíth ar iarrthóirí le linn an scrúdaithe, ba cheart dóibh aird feitheora a tharraingt orthu féin. Níor cheart dóibh a suíochán a fhágáil ar chúis ar bith.
17. Táthar ag súil leis go gcloífidh mic léinn leis na caighdeáin is airde sláine agus ionracais agus scrúduithe á suí acu in Ollscoil na Gaillimhe.
18. Ní cheadaítear fón póca ná aon fheiste leictreonach eile a úsáid nó iarracht a dhéanamh é a úsáid le linn scrúdaithe agus is sárú é ar Rialacháin Scrúduithe Ollscoil na Gaillimhe agus tagann sé faoi nósanna imeachta araíonachta agus/nó pionóis. Ní mór gach fón póca/feiste leictreonach a mhúchadh go hiomlán agus tú istigh sa halla Scrúduithe. Ní mór na feistí seo a bheith le feiceáil go soiléir agus ní mór do na mic léinn treoracha an fheitheora a leanúint ina leith seo. Ní féidir aon earraí a thabhairt chuig an leithreas.

19. Ní thabharfaidh aon iarrthóir aon ábhair, seachas iad sin atá ceadaithe go sonrach don scrúdú sin, isteach sa halla scrúduithe agus ní bheidh a leithéid ina s(h)eilbh fad a bheas sé/sí sa halla.

    a. Tá sé de fhreagracht ar gach iarrthóir a chinntiú nach bhfuil aon nótaí ná aon scríbhinn ar aon ábhar a thugtar isteach sa halla scrúduithe; ní mór cláir a ghlanadh d'áireamháin. Is féidir le feitheoirí cigireacht a dhéanamh ar ábhair dá leithéid.

    b. Má bhíonn cúis ag feitheoir a bheith amhrasach go bhfuil iarrthóir ag úsáid ábhar neamhcheadaithe faoi cheilt chun séitéireacht a dhéanamh, féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an iarrthóir comhoibriú leis/léi chun an t-ábhar a sheiceáil. Mura bhfuil iarrthóir sásta iarratas réasúnach ó fheitheoir a chomhlíonadh, tuairisceofar an méid sin don GSS.

    c. Má fhiontar go bhfuil iarrthóirí i seilbh ábhair nach bhfuil saor ó nótaí nó ó scríbhneoireacht, nó i seilbh ábhar neamhcheadaithe, glacfar seilbh ar an ábhar agus déanfar an cás a thuairisciú, mar shárú rialacháin scrúduithe, don GSS.

20. Níl cead ag mic léinn ceann ar bith de na nithe seo a leanas a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe:

    a. Nótaí
    b. Scríbhneoireacht de chineál ar bith ar an duine féin, e.g. ar lámha ná ar chosa
    c. Nótaí ar ábhar atá ceadaithe
    d. Clúdach áireamháin
    e. Nótaí ar chúl áireamhán (Seiceálann na feitheoirí na háireamháin ar fad)
    f. Foclóir leictreonach
    g. Cás pinn luaidhe
    h. Cás spéaclaí
    i. Mála láimhe
    j. Téip ghreamaitheach e.g. Sellotape

**Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas agus is féidir le feitheoir iontráil chuig an halla scrúduithe a dhiúltú do mhac léinn fad a bhíonn ábhar ar bith ina s(h)eilbh aige/aici, rud a mheasann siad a d'fhéadfadh sárú ar rialacha an scrúdaithe a bheith mar thoradh air.**

21. Tá cead ag mic léinn Erasmus (1EM1 amháin) agus ag mic léinn ar Cuairt nó Ócáideacha (Cúrsaí 1OA2, 1OA3, 1OC1, 1OE1, 1OL1, 1OM1, 1ON1 agus 1OS1 amháin) nach Béarlóirí ná Gaeilgeoirí ó dhúchas iad, agus cead acusan amháin, foclóir teanga óna dteanga dhúchais go Béarla agus vice-versa a úsáid, de réir mar is cuí. Ní féidir, áfach, foclóirí a úsáid sna

scrúduithe mar a scrúdaítear an cumas teanga sna Teangacha Nua-aimseartha. Is féidir leis an bhFeitheoir cigireacht a dhéanamh ar fhoclóirí sula dtosóidh an scrúdú. Caithfidh gach mac léinn eile, nach Béarlóirí ó dhúchas iad, an cumas riachtanach teanga a bheith acu chun tabhairt faoina gcúrsa staidéir agus níl cead acu foclóirí a úsáid.

Má úsáideann mac léinn ar Béarlóir é/í ó dhúchas foclóir measfar gur sháraigh sé/sí na rialacháin go tromchúiseach agus cuirfidh an Grúpa Slándála Scrúduithe faoi agallamh é/í. Tá eisceacht ann i gcás an scrúdaithe “Cruinnscríobh agus Aistriúchán” (cód modúil LN104), mar a gceadaítear foclóir Gaeilge-Béarla.

22. Ceadaítear do chainteoirí líofa Gaeilge úsáid a bhaint as foclóirí páipéir Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge i scrúduithe seachas scrúduithe a dhéantar trí Ghaeilge.
23. Ní thógfaidh aon iarrthóir aon fhreagarleabhar, ná aon chuid de fhreagarleabhar, bíodh úsáid bainte as nó ná bíodh, ná aon ábhar eile a soláthraíodh, as an halla scrúduithe.
24. Tá gach iarrthóir freagrach as na freagarleabhair a thugtar dó/di sa Scrúdú. Sárú ar na rialacháin scrúduithe é damáiste a dhéanamh do fhreagarleabhar.
25. Ní thabharfaidh aon iarrthóir cúnamh, agus ní dhéanfaidh aon iarrthóir iarracht cúnamh a thabhairt d’iarrthóir eile; ná ní bhfaighidh sé/sí agus ní dhéanfaidh sé/sí iarracht cúnamh a fháil ó iarrthóir eile. Ní dhéanfaidh sé/sí aon chumarsáid ar aon bhealach le haon iarrthóir eile sa halla scrúduithe.
26. Tá cosc ar bhradaíl d’aon chineál i ngach scrúdú.
27. Féadfar aon neamhrialtachtaí iompair a thuairisciú don GSS mar a fhoráiltear sna ‘Nósanna Imeachta chun déileáil le Sárú na Rialachán Scrúduithe’.
28. Dlífidh an Príomhfheitheoir ar aon iarrthóir a mbéarfar air/uirthi ag briseadh na Rialachán seo an halla scrúduithe a fhágáil, agus dlífear a c(h)ás a thuairisciú chuig an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí.
29. Meabhraítear d’iarrthóirí go gcaithfidh siad cloí le riachtanais Chód Iompair na Mac Léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe an t-am ar fad.

**Freagrachtaí**

Tá Oifig na Scrúduithe freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán scrúduithe. Tá gach iarrthóir ag scrúduithe Ollscoile freagrach as é/í féin a chur ar an eolas faoi na rialacháin scrúduithe.

| **Ainm** | **Freagracht** |
|---|---|
| Oifig na Scrúduithe | Úinéir an Pholasaí |
| Gach iarrthóir ag scrúduithe Ollscoile | Comhlíonadh an pholasaí |

| | |
|---|---|
| Oifig na Scrúduithe | A chinntiú go gcuirtear Leasuithe polasaí i bhfeidhm ar an bpolasaí |

**Cáipéisí/Ceangaltáin Ghaolmhara**

Nósanna Imeachta chun déileáil le Sárú na Rialachán Scrúduithe

## Aguisín 1 – Rialacháin Scrúduithe do Scrúduithe Cliniciúla Choláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte

### 1. Cuspóir

**Is é an cuspóir atá leis an bpolasaí seo mic léinn a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis na rialacháin a rialaíonn scrúduithe.**

### 2. Léirmhíniú

**"Iarrthóir"** – an té atá ag tabhairt faoi scrúdú.

**"Príomhfheitheoir"** – an té atá freagrach as iona(i)d scrúduithe a bhainistiú agus a chomhordú. "GSS" – an Grúpa Slándála Scrúduithe a fhiosraíonn gach uair a mbíonn amhras gur sáraíodh Rialacháin Scrúduithe na hOllscoile.

**"Feitheoir"** – an té sa scrúdú a chinntíonn go reáchtáiltear scrúduithe na hOllscoile chomh maith agus chomh héifeachtach agus is féidir agus de réir rialacháin na hOllscoile.

"**Coinneáil**": Próiseas é seo ina gcuireann feitheoirí iarrthóirí ar coraintín idir suíonna éagsúla den scrúdú cliniciúil céanna (i.e. tar éis OSCE a shuí níos túisce, cuirtear iarrthóirí in ionad coinneála gan fáil acu ar a nguthái phóca ná ar fhearais leictreonacha eile – go dtí go mbeidh an chéad chohórt eile iarrthóirí críochnaithe leis an OSCE).

**"Ionad Scrúdaithe":** An t-ionad ina mbíonn an scrúdú ar siúl. I gcás scrúdú cliniciúil, d'fhéadfadh go mbeadh ionad ionsamhlaithe, barda scileanna cliniciúla nó spásanna cliniciúla san áireamh.

## RIALACHÁIN

### ROIMH AN SCRÚDÚ:

1. Tá sé de dhualgas ar gach iarrthóir é/í féin a chur ar an eolas faoi na rialacháin a rialaíonn scrúduithe.
2. Tá sé de cheart ag an Ollscoil, nuair a éilíonn cúinsí é, na hamanna agus/nó na hionaid a bhí socraithe chun na scrúduithe a thionól nó aon ghné eile de na socruithe a athrú.
3. Beidh amchláir scrúduithe do scrúduithe tí agus do scrúduithe cliniciúla ar fáil ar an leathanach fógraí cuí ar Canvas. Tá sé de dhualgas ar gach iarrthóir é/í féin a chur ar an eolas faoi na rialacháin a rialaíonn scrúduithe.
4. Ní eiseofar aon chárta/uimhir scrúdaithe. Cuirfear iarrthóirí i suíocháin de réir plean suíochán a bheidh socraithe de réir uimhreacha aitheantais na mac léinn.
5. Ní féidir málaí ná earraí pearsanta eile a fhágáil ag na bealaí isteach agus amach as na hionaid scrúdaithe ná in aice leis na bealaí sin ná a fhágáil istigh sna hallaí scrúduithe. Moltar do mhic léinn gan málaí láimhe ná earraí luachmhara eile a thabhairt chuig ionaid scrúduithe. Caithfear iad a fhágáil taobh amuigh den halla scrúduithe ar a bpriacal féin. Ní ghlacann an Ollscoil aon fhreagracht as earraí pearsanta a fhágtar gan feighil.
6. Ní mór d'iarrthóirí freastal ar gach cuid den scrúdú, lena n-áirítear viva, nuair is cuí.
7. Iarrfar ar iarrthóirí a bheith i láthair 15 nóiméad ar a laghad roimh thús gach scrúdaithe scríofa. Tabharfar treoir shonrach d'iarrthóirí trí fhógra Canvas agus/nó trí ríomhphost Ollscoil na Gaillimhe na mac léinn maidir leis an am a gcaithfear a bheith i láthair ag scrúdú cliniciúil.
8. I gcás go mbíonn coinneáil i gceist bíonn rialacha réamhscrúdaithe agus iarscrúdaithe i bhfeidhm le linn na tréimhse coinneála.

**LE LINN AN SCRÚDAITHE:**

1. Ní mór d'iarrthóirí a gcárta aitheantais Ollscoile reatha a chur ar taispeáint le seiceáil. Beidh fíneáil le híoc mura mbeidh cárta aitheantas bailí ag an mac léinn ag an scrúdú.
2. Ní cheadófar do mhic léinn a thagann mall ag scrúdú cliniciúil leanúint ar aghaidh leis an scrúdú. Tá mic léinn a thagann mall ag scrúduithe tí eile faoi réir rialachán 3 de rialacháin scrúduithe na hollscoile mar a mhínítear thíos.
3. Mura gceadaíonn an feitheoir-i-bhfeighil é:
    a. Ní ligfear iarrthóirí isteach sa halla scrúduithe má bhíonn siad níos mó ná 60 nóiméad mall
    b. Ní cheadófar d'iarrthóirí an halla scrúduithe a fhágáil go dtí go mbeidh 60 nóiméad caite ón am ar cuireadh tús leis an scrúdú ná sa 30 nóiméad deiridh
    c. Ní cheadófar d'iarrthóirí filleadh ar an halla scrúduithe, ach amháin faoi mar atá léirithe faoi 4 thíos
4. Má thugtar cead d'iarrthóirí an halla a fhágáil ar feadh tréimhse ghairid, e.g. tinneas, leithreas a úsáid, beidh orthu bileog a shíniú, bileog a chomhshíneoidh an feighlí a ghabhfaidh leo, agus coinneofar cuntas ar an tréimhse a mbeidh siad as láthair.
5. Sosanna leithris – Rachaidh feitheoir den inscne chéanna in éineacht leis an mac léinn go dtí an leithreas, nuair is féidir. Iarrfar ar gach mac léinn a dheimhniú nach bhfuil aon ábhar ar iompar acu. D'fhéadfaí go n-iarrfaí orthu a muinchille a tharraingt suas freisin. Comhlánófar foirm leis na sonraí riachtanacha. Coinníonn Oifig na Scrúduithe taifead ar chuairteanna ar sheomraí folctha i gcás tinrimh.
6. Má bhíonn rud ar bith de dhíth ar iarrthóirí le linn an scrúdaithe, ba cheart dóibh aird feitheora a tharraingt orthu féin. Níor cheart dóibh a suíochán a fhágáil ar chúis ar bith.
7. Ní thabharfaidh aon iarrthóir aon ábhar, seachas iad sin atá ceadaithe go sonrach don scrúdú sin, isteach san ionad scrúduithe agus ní bheidh a leithéid ina s(h)eilbh fad a bheidh sé/sí sa halla.
    a. Tá sé de fhreagracht ar gach iarrthóir a chinntiú nach bhfuil aon nóta ná scríbhneoireacht ar aon ábhar atá ceadaithe a thabhairt isteach san ionad scrúduithe; ní mór cláir a ghlanadh d'áireamháin. Is féidir le feitheoirí cigireacht a dhéanamh ar ábhair dá leithéid.

b. Má bhíonn cúis ag feitheoir a bheith amhrasach go bhfuil iarrthóir ag úsáid ábhar neamhcheadaithe faoi cheilt chun séitéireacht a dhéanamh, féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an iarrthóir comhoibriú leis/léi chun an t-ábhar a sheiceáil. Mura bhfuil iarrthóir sásta iarratas réasúnach ó fheitheoir a chomhlíonadh, tuairisceofar an méid sin don GSS.

c. Má fhiontar go bhfuil iarrthóirí i seilbh ábhair nach bhfuil saor ó nótaí nó ó scríbhneoireacht, nó i seilbh ábhar neamhcheadaithe, glacfar seilbh ar an ábhar agus déanfar an cás a thuairisciú, mar shárú rialacháin scrúduithe, don GSS.

8. Níl cead ag mic léinn ceann ar bith de na nithe seo a leanas a thabhairt isteach san ionad scrúduithe:

- Nótaí
- Scríbhneoireacht de chineál ar bith ar an duine féin, e.g. ar lámha ná ar chosa
- Nótaí ar ábhar atá ceadaithe
- Clúdach áireamháin
- Nótaí ar chúl áireamhán (Seiceálann na feitheoirí na háireamháin ar fad)
- Foclóir leictreonach
- iPod/iPad nó aon fhearais leictreonacha (seachas áireamháin nach féidir a ríomhchlárú)
- Cás pinn luaidhe
- Cás spéaclaí
- Mála láimhe
- Téip ghreamaitheach e.g. Sellotape

**Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas agus is féidir le feitheoir iontráil chuig an halla scrúduithe a dhiúltú do mhac léinn fad a bhíonn ábhar ar bith ina s(h)eilbh aige/aici, rud a mheasann siad a d'fhéadfadh sárú ar rialacha an scrúdaithe a bheith mar thoradh air.**

9. Ceadaítear d'iarrthóirí peann agus steiteascóp a thabhairt isteach san ionad scrúduithe ag scrúduithe cliniciúla, mura gcuireann ceannasaí an mhodúil a mhalairt in iúl.
10. Ní cheadaítear d'iarrthóirí cumarsáid a dhéanamh ná iarracht cumarsáid a dhéanamh le lucht acadúil le cuidiú a fháil roimh an scrúdú, le linn an scrúdaithe, nó tar éis an scrúdaithe. Is féidir le hiarrthóirí ar mian leo fiosrú a dhéanamh faoi thorthaí scrúduithe é sin a dhéanamh tríd an gcóras foirmiúil a ndéantar cur síos air in QA 235.
11. Táthar ag súil go dtabharfaidh iarrthóirí aird ar údarás chomhaltaí foirne na hOllscoile, na feitheoirí san áireamh, agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas, le linn an scrúdaithe.
12. Ní cheadaítear d'iarrthóirí cumarsáid a dhéanamh ná iarracht cumarsáid a dhéanamh/cuidiú a chur ar fáil d'aon iarrthóir eile le linn an scrúdaithe.
13. Ní cheadaítear d'iarrthóirí cur isteach ar aon iarrthóir eile le linn an scrúdaithe.

14. Tá cead ag mic léinn Erasmus (1EM1 amháin) agus ag mic léinn ar Cuairt nó Ócáideacha (Cúrsaí 1OA2, 1OS3, 1OC1, 1OE1, 1OL1, 1OM1, 1ON1 agus 1OS1 amháin) nach Béarlóirí ná Gaeilgeoirí ó dhúchas iad, agus cead acusan amháin, foclóir teanga óna dteanga dhúchais go Béarla agus vice-versa a úsáid, de réir mar is cuí. Ní féidir, áfach, foclóirí a úsáid sna scrúduithe mar a scrúdaítear an cumas teanga sna Teangacha Nua-aimseartha. Is féidir leis an bhFeitheoir cigireacht a dhéanamh ar fhoclóirí sula dtosóidh an scrúdú. Caithfidh gach mac léinn eile, nach Béarlóirí ó dhúchas iad, an cumas riachtanach teanga a bheith acu chun tabhairt faoina gcúrsa staidéir agus níl cead acu foclóirí a úsáid. Má úsáideann mac léinn ar Béarlóir é/í ó dhúchas foclóir measfar gur sháraigh sé/sí na rialacháin go tromchúiseach agus cuirfidh an Grúpa Slándála Scrúduithe faoi agallamh é/í. Tá eisceacht ann i gcás an scrúdaithe "Cruinnscríobh agus Aistriúchán" (cód modúil LN104), mar a gceadaítear foclóir Gaeilge-Béarla.

15. Ceadaítear do chainteoirí líofa Gaeilge úsáid a bhaint as foclóirí páipéir Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge i scrúduithe seachas scrúduithe a dhéantar trí Ghaeilge.

16. Ní thógfaidh aon iarrthóir aon fhreagarleabhar, ná aon chuid de fhreagarleabhar, bíodh úsáid bainte as nó ná bíodh, ná aon ábhar eile a soláthraíodh, as an ionad scrúduithe.

17. Ní thógfaidh aon iarrthóir ábhair a bhaineann le scrúduithe as an ionad scrúduithe. Áirítear leis seo ábhar scrúdaithe a chóipeáil nó a shábháil le linn nó i ndiaidh scrúdaithe, aon fhreagarleabhar, nó aon chuid de fhreagarleabhar, bíodh úsáid bainte as nó ná bíodh, páipéir scrúdaithe nó ábhar eile a cuireadh ar fáil.
18. Tá gach iarrthóir freagrach as na freagarleabhair a thugtar dó/di sa Scrúdú. Sárú ar na rialacháin scrúduithe é damáiste a dhéanamh do fhreagarleabhar.
19. Ní thabharfaidh aon iarrthóir cúnamh, agus ní dhéanfaidh aon iarrthóir iarracht cúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; ná ní bhfaighidh sé/sí agus ní dhéanfaidh sé/sí iarracht cúnamh a fháil ó iarrthóir eile. Ní dhéanfaidh sé/sí aon chumarsáid ar aon bhealach le haon iarrthóir eile san ionad scrúduithe.
20. Tá cosc ar bhradaíl d'aon chineál i ngach scrúdú.
21. Féadfar aon neamhrialtachtaí iompair a thuairisciú don GSS mar a fhoráiltear in 'QA230 Nósanna Imeachta chun déileáil le Sárú na Rialachán Scrúduithe'.
22. Dlífidh an Príomhfheitheoir ar aon iarrthóir a mbéarfar air/uirthi ag briseadh na Rialachán seo an halla scrúduithe a fhágáil, agus dlífear a c(h)ás a thuairisciú chuig an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí.
23. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh siad cloí le riachtanais Chód Iompair na Mac Léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe an t-am ar fad.

**TAR ÉIS AN SCRÚDAITHE:**

1. **Ní cóir d'iarrthóirí cásanna/ábhar scrúduithe cliniciúla a roinnt tar éis an scrúdaithe ar mhaithe le rúndacht an othair.**

**Aguisín 2 – Rialacháin maidir le Scrúduithe Ar Líne agus Scrúduithe a ndearnadh feitheoireacht bheo orthu**

**1. Cuspóir**

Is é an cuspóir atá leis an bpolasaí seo mic léinn a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis na rialacháin a rialaíonn scrúduithe.

**2. Scóip**

Rialaítear gach scrúdú Ollscoil na Gaillimhe de réir na rialachán seo. Ní mór do gach mac léinn a chinntiú go bhfuil na rialacháin seo léite acu agus go dtuigeann siad go hiomlán iad roimh scrúduithe a shuí.

**3. Léirmhíniú**

**"Iarrthóir"** – an té atá ag tabhairt faoi scrúdú.

**"Feitheoir"** – an té sa scrúdú a chinntíonn go reáchtáiltear scrúduithe na hOllscoile chomh maith agus chomh héifeachtach agus is féidir agus de réir rialacháin na hOllscoile. Sna cúinsí eisceachtúla seo a bhaineann le cianmheasúnú amháin, gníomhóidh an Ceannaire Modúil nó an t-ainmní cuí mar Fheitheoir do gach scrúdú agus beidh sé/sí ar fáil ar feadh thréimhse an scrúdaithe chun tacú le reáchtáil cheart an scrúdaithe.

**"Feitheoir/Feitheoireacht ar Líne"** a úsáidtear in ionad 'cianfheitheoireacht' ós rud é go ndéanann sé tagairt do ról ríthábhachtach an idirlín maidir le réiteach slán a sholáthar d'fheitheoireacht na scrúduithe. Is féidir leis an téarma 'cianfheitheoireacht' tagairt d'aon chineál feitheoireachta a tharlaíonn lasmuigh de shuíomh caighdeánach na scrúduithe.

I scrúdú le **"Feitheoireacht Bheo"**, déanann feitheoir cáilithe monatóireacht ar fhothaí comhroinnte fuaime, físeáin agus scáileáin na n-iarrthóirí i bhfíor-am.

I scrúdú le **"Feitheoireacht Uathoibríoch"** taifeadtar fothaí closamhairc agus comhroinnte scáileáin na n-iarrthóirí le linn na tástála.

"**GSS**" an Grúpa Slándála Scrúduithe (GSS) a fhiosraíonn gach cás a mbíonn amhras ann gur sáraíodh Rialacháin Scrúduithe na hOllscoile.

"**Scrúdú Uainithe Ar Líne"** is scrúdú é seo a dhéantar trí thimpeallacht fhíorúil foghlama ar nós Canvas nó trí ardán measúnaithe ar líne eile

I "**Scrúdú feitheoireachta ar líne**" déantar monatóireacht ar líne ar iarrthóir le linn thréimhse an scrúdaithe go hiondúil le cabhair ó cheamara gréasáin, micreafón agus rochtain ar scáileán an iarrthóra

**Scrúduithe Ollscoile - Rialacháin**

1. Tá Amchláir Phearsanta uainithe ar líne ar fáil ar láithreán gréasáin Oifig na Scrúduithe agus ansin amháin. Tugtar amanna measúnaithe in **am áitiúil na hÉireann**. I gcás iarrthóirí a thugann faoi mheasúnuithe uainithe in amchriosanna éagsúla, féadfaidh tú d'amchrios a chur in iúl ar do scrúdpháipéar. Ní féidir am scrúdaithe a athrú de bharr cúiseanna pearsanta lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh seo a leanas:
    a) Gealltanais oibre nó chreidimh
    b) Míléamh ar sceideal na scrúduithe
    c) Freastal ar ócáidí teaghlaigh
    d) Laethanta saoire nó taisteal
    e) Amchrios
2. Coimeádann an Ollscoil de cheart aici féin, nuair a éilíonn cúinsí é, na hamanna a bhí socraithe leis na scrúduithe a thionól a athrú nó aon ghné eile de na socruithe measúnaithe.
3. Táthar ag súil leis go gcloífidh mic léinn leis na caighdeáin is airde iontaofachta agus ionracais agus scrúduithe á suí acu in Ollscoil na Gaillimhe.
4. Ní mór d'iarrthóirí caitheamh le haon **scrúdú uainithe ar líne** leis an leibhéal céanna ionracais le haon scrúdú foirmiúil eile. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas scrúdaithe ná deis a thabhairt duit méid do chuid eolais agus tuisceana ar na hábhair staidéir a léiriú.

<u>Seachas scrúduithe a ndeirtear go soiléir gur 'Leabhar Oscailte' iad</u> (mar a léireoidh Ceannaire an Mhodúil), ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil spás thart ar a ríomhaire glanta acu saor ó aon seachrán agus ábhar nach gceadaítear de ghnáth i scrúdú traidisiúnta.

Áirítear orthu sin:

a. Nótaí
b. Scríbhneoireacht de chineál ar bith ar an duine féin, e.g. ar lámha ná ar chosa
c. Nótaí ar ábhar atá ceadaithe
d. Clúdach áireamháin
e. Nótaí ar chúl áireamháin
f. Fón póca/Fón Cliste (**seachas** i scrúduithe ina bhfuil sé ráite ag Ceannairí Modúl go mbeidh fón póca ag teastáil b'fhéidir chun léaráidí/ríomhanna lámhscríofa/a tharraingt le láimh)
g. Foclóir leictreonach
h. iPod/iPad nó aon fhearais leictreonacha (**seachas** i scrúduithe ina bhfuil sé ráite ag Ceannairí Modúl go mbeidh fearais den chineál sin ag teastáil b'fhéidir chun léaráidí/ríomhanna lámhscríofa/ a tharraingt le láimh)
i. Cás pinn luaidhe
j. Cás spéaclaí
k. Mála láimhe
l. Téip ghreamaitheach e.g. Sellotape

**Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas agus is féidir le feitheoir iontráil chuig an scrúdú a dhiúltú do mhac léinn fad a bhíonn mír ar bith ina sheilbh aige/aici, rud a mheasann siad a d'fhéadfadh sárú ar rialacha an scrúdaithe a bheith mar thoradh air.**

5. Is ar an iarrthóir atá an fhreagracht a sheiceáil go bhfuil an teicneolaíocht atá in úsáid aige/aici chun an **scrúdú uainithe ar líne** oiriúnach don fheidhm; go bhfuil an nasc idirlín riachtanach aige/aici; agus go ndearnadh na bogearraí riachtanacha go léir a íoslódáil roimh an **scrúdú uainithe ar líne**. Moltar go láidir d'iarrthóirí an rochtain atá acu ar Canvas a thástáil agus aon bhogearraí ábhartha eile ar ríomhaire baile/ríomhaire glúine a thástáil roimh an scrúdú.
6. Sula logálfaidh mic léinn isteach ar an **scrúdú uainithe ar líne**, ba chóir dóibh gach bogearra eile seachas na cinn atá ag teastáil don scrúdú féin a dhúnadh (e.g. Canvas i mbrabhsálaí gan aon táb eile oscailte, agus/nó Word má éilíonn

an scrúdú aiste próiseáilte focal a chur isteach).

**7.** Iarrfar ar iarrthóirí bheith logáilte isteach ar Canvas 15 nóiméad ar a laghad roimh thús gach **scrúdaithe uainithe ar líne.**

8. Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí a chinntiú go bhfuil siad ag freagairt an pháipéar scrúdaithe chuí. Ní mór d'iarrthóirí teideal an scrúdaithe a sheiceáil agus aon treoracha a léamh go cúramach sula dtosaíonn siad ar an scrúdú. Ba cheart aon cheisteanna a chur ar Cheannaire an Mhodúil láithreach.

9. Ní mór d'iarrthóirí aon pháipéar, pinn agus uirlisí eile a theastaíonn chun an measúnú a dhéanamh a sholáthar.

10. I gcás go bhfuil ar iarrthóirí aiste/measúnú a scríobh agus a uaslódáil ar Canvas nó líníochtaí/léaráidí a rinneadh le linn an scrúdaithe uainithe ar líne a scanadh (ag úsáid guthán póca nó scanóir láimhe, agus é a uaslódáil ar Canvas, cuirfear 30 nóiméad breise leis an am a gceadaítear don scrúdú chun críche do mheasúnú a uaslódáil. Baineann an t-am breise seo <u>leis an scrúdú amháin a íoslódáil</u> – níor cheart go rachadh iarrthóirí thar an am atá leagtha síos chun an measúnú a dhéanamh. Is é freagracht an mhic léinn a chinntiú go bhfuil an script uaslódáilte i gceart

**11.** Ní thabharfaidh aon iarrthóir cúnamh, agus ní dhéanfaidh aon iarrthóir iarracht cúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; ná ní bhfaighidh sé/sí agus ní dhéanfaidh sé/sí iarracht cúnamh a fháil ó iarrthóir eile ná ní dhéanfaidh sé/sí aon chumarsáid ar aon slí le haon duine eile le linn an **scrúdaithe uainithe ar líne**.

12. Tá cead ag mic léinn Erasmus (1EM1 amháin) agus ag mic léinn ar Cuairt nó Ócáideacha (Cúrsaí 1OA2, 1OA3, 1OC1, 1OE1, 1OL1, 1OM1, 1ON1 agus 1OS1 amháin) nach Béarlóirí ná Gaeilgeoirí ó dhúchas iad, agus cead acusan amháin, foclóir teanga óna dteanga dhúchais go Béarla agus vice-versa a úsáid, de réir mar is cuí. Ní féidir, áfach, foclóirí a úsáid sna scrúduithe mar a scrúdaítear an cumas teanga sna Teangacha Nua-aimseartha. Caithfidh gach mac léinn eile, nach Béarlóirí ó dhúchas iad, an cumas riachtanach teanga a bheith acu chun tabhairt faoina gcúrsa staidéir, agus níl cead acu foclóirí a úsáid.

Má úsáideann mac léinn ar Béarlóir é/í ó dhúchas foclóir measfar gur sháraigh sé/sí na rialacháin go tromchúiseach agus cuirfidh an Grúpa Slándála Scrúduithe faoi agallamh é/í. Tá eisceacht ann i gcás an scrúdaithe "Cruinnscríobh agus Aistriúchán" (cód modúil LN104), mar a gceadaítear foclóir Gaeilge-Béarla.

13. Ceadaítear do chainteoirí líofa Gaeilge úsáid a bhaint as foclóirí páipéir Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge i scrúduithe seachas scrúduithe a dhéantar trí Ghaeilge.

14. Ní cóir d'iarrthóirí scrúduithe cliniciúla cásanna/ábhar scrúduithe cliniciúla a roinnt tar éis an scrúdaithe ar mhaithe le rúndacht an othair.
15. Tá cosc ar bhradaíl d'aon chineál i ngach scrúdú.
16. Forchoimeádann Ceannairí Modúil an ceart chun fiosruithe a dhéanamh le mac léinn trí agallamh i gcás go bhfuil amhras ann faoi ionracas an scrúdaithe.
17. Féadfar aon neamhrialtachtaí iompair a thuairisciú don Ghrúpa Slándála Scrúduithe mar a fhoráiltear sna 'Nósanna Imeachta chun déileáil le Sárú ar na Rialacháin Scrúduithe'.

18. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh siad cloí le riachtanais Chód Iompair na Mac Léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe an t-am ar fad.

**Scrúduithe faoi Fheitheoireacht**

19. **Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag na rialacháin thíos ACH AMHÁIN sa chás go mbíonn ar iarrthóirí scrúduithe oifigiúla a dhéanamh i dtimpeallacht feitheoireachta ar líne arna reáchtáil ag Oifig na Scrúduithe.** Ní mór do gach mac léinn a chinntiú go bhfuil an méid thíos léite acu agus go dtuigeann siad go hiomlán iad roimh scrúduithe faoi fheitheoireacht a shuí.
    a. I scrúdú faoi fheitheoireacht ar líne déantar monatóireacht ar líne ar iarrthóir le linn thréimhse an scrúdaithe go hiondúil le cabhair ó cheamara gréasáin, micreafón agus rochtain ar scáileán an iarrthóra.
    b. Chun scrúdú a dhéanamh i dtimpeallacht ar líne a bhfuil feitheoireacht déanta air, beidh na nithe seo a leanas ag teastáil ó gach iarrthóir:
        i. Ríomhaire deisce nó ríomhaire glúine* (*Ní féidir scrúduithe a dhéanamh ar tháibléad, Chromebook ná fón póca)
        ii. Córas oibriúcháin Microsoft Windows nó Apple
        iii. Is iad na brabhsálaithe a mholtar ná Google Chrome nó Firefox le leagan cothrom le dáta den bhrabhsálaí (ní mór an bacaire míreanna aníos a dhíchumasú)
        iv. Ceamara gréasáin agus micreafón ionsuite nó seachtrach
        v. Luas Idirlín íoslódála 2 Mbps ar a laghad agus uaslódáil 2 Mbps (d'fhéadfadh nach mbeadh ball te fóin póca oiriúnach)
        vi. Cárta aitheantais an mhic léinn agus grianghraf air.

vi. Spás ciúin le deasc ghlan agus dóthain solais.

Más rud é, ar chúis ar bith, nach bhfuil rochtain ag an iarrthóir ar na riachtanais thuas chun scrúdú a dhéanamh faoi fheitheoireacht ar líne ní mór don iarrthóir é sin a chur in iúl d’oifig na scrúduithe

examsoffice@universityofgalway.ie i scríbhinn tráth nach déanaí ná coicís sula dtosóidh an seisiún scrúdaithe. Tabharfar deis don iarrthóir ansin an scrúdú a dhéanamh ar an gcampas agus feitheoirí i láthair.

Is ar na hiarrthóirí atá an fhreagracht a gcuid ríomhairí/ríomhairí glúine a sheiceáil roimh an scrúdú ar líne lena chinntiú go bhfuil siad ag obair agus go bhfuil nasc Wi-Fi ann.

c. Tabhair faoi deara nach moltar d'iarrthóirí aon scrúdú ar líne a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a bhfón cliste.

d. Ní bheidh cead ag iarrthóirí a logálann isteach níos mó ná 60 nóiméad tar éis thús an scrúdaithe ar líne an scrúdú a dhéanamh. Ní thabharfar am breise d'iarrthóirí a thosaíonn an scrúdú ar líne go déanach.

i. Is féidir le feitheoir súil a chaitheamh timpeall an tseomra ina bhfuil an t-iarrthóir ag déanamh an scrúdaithe ar líne.

ii. Ní mór d'iarrthóirí a gcárta aitheantais mic léinn a thaispeáint chun é a bhailíochtú.

iii. Féadfaidh iarrthóirí an seomra a fhágáil nó imeacht ó fhócas an cheamara le linn an scrúdaithe ar líne chun úsáid a bhaint as áiseanna an tseomra folctha. Ní mór trealamh a fhágáil ag rith.

iv. Caithfidh an t-iarrthóir a bheith ina (h)aonar sa spás scrúdaithe roghnaithe, níl cead ag aon duine eile dul isteach sa seomra nó a bheith i láthair le linn an scrúdaithe ar líne. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil an scrúdú ar neamhní dá dtarlódh sé sin.

v. Ní mór d'iarrthóirí suí ag deasc.

vi. Ba chóir gach clár seachas na bogearraí scrúdaithe ar líne a dhúnadh le linn an scrúdaithe ar líne. Ní féidir le hiarrthóirí rochtain a fháil ar aon chlár mar shampla:

- Excel
- Word
- PowerPoint
- Skype nó cláir chumarsáide eile nó aon láithreán gréasáin eile mura sonraíonn an fhoireann scrúdaithe a leithéid ar an scrúdpháipéar.

vi. Níl cead ag iarrthóirí hataí ná spéaclaí gréine a chaitheamh.

vi. Ní cheadaítear cluasáin, cosaint cluaise (nó gléasanna fuaime comhchosúla) a úsáid. Áirítear leis seo cluasáin Bluetooth.

ix. Tá cosc iomlán ar fhóin phóca nó aon trealamh éisteachta a úsáid.

x. Ní cheadaítear leacht ach i gcoimeádán soiléir.

e. Ní cheadaítear na míreanna seo a leanas ar an deasc/bord ach amháin má shonraíonn an fhoireann léachtóireachta gur féidir iad a úsáid:

1. Leabhair
2. Páipéar
3. Pinn
4. Áireamháin
5. Téacsleabhair

f. Molann Ollscoil na Gaillimhe go mbainfeadh iarrthóirí gach mír chúlra phearsanta as an spás scrúdaithe a roghnaíonn siad nuair is féidir.

g. Ní mór d'iarrthóirí caitheamh le haon scrúdú feitheoireachta ar líne leis an leibhéal céanna ionracais le haon scrúdú foirmiúil eile.

h. I gcás pearsanaíochta (ligean orthu féin gur duine eile iad) cuirfear toirmeasc buan ón Ollscoil ar an té a rinne pearsanaíocht agus ar an té a ndearnadh pearsanaíocht air/uirthi.

i. Má imíonn nascacht iomlán Wi-Fi nó an chumhacht (lena n-áirítear úsáid a bhaint as ball te fóin póca) le linn an scrúdaithe faoi fheitheoireacht ar líne, féadfaidh an Ollscoil dearbhú a lorg ó sholáthróirí ar bhriseadh den sórt sin.

j. Tá cead ag mic léinn Erasmus (1EM1 amháin) agus ag mic léinn ar Cuairt nó Ócáideacha (Cúrsaí 1OA2, 1OA3, 1OC1, 1OE1, 1OL1, 1OM1, 1ON1 agus 1OS1 amháin) nach Béarlóirí ná Gaeilgeoirí ó dhúchas iad, agus cead acusan amháin, foclóir teanga óna dteanga dhúchais go Béarla agus vice-versa a úsáid, de réir mar is cuí. Ní féidir, áfach, foclóirí a úsáid sna scrúduithe mar a scrúdaítear an cumas teanga sna Teangacha Nua-aimseartha. Caithfidh gach mac léinn eile, nach Béarlóirí ó dhúchas iad, an cumas riachtanach teanga a bheith acu chun tabhairt faoina gcúrsa staidéir agus níl cead acu foclóirí a úsáid. Má úsáideann mac léinn ar Béarlóir é/í ó dhúchas foclóir measfar gur sháraigh sé/sí na rialacháin go tromchúiseach agus cuirfidh an Grúpa Slándála Scrúduithe faoi agallamh é/í. Tá eisceacht ann i gcás an scrúdaithe "Cruinnscríobh agus Aistriúchán" (cód modúil LN104), mar a gceadaítear foclóir Gaeilge-Béarla.

k. Ceadaítear do chainteoirí líofa Gaeilge úsáid a bhaint as foclóirí páipéir Gaeilge-Béarla/Béarla-Gaeilge i scrúduithe seachas scrúduithe a dhéantar trí Ghaeilge.

l. Má theipeann ar iarrthóir cloí leis na rialacháin seo le linn an scrúdaithe ar líne, beidh feidhm ag an bpolasaí ar Nósanna Imeachta chun Déileáil le Sárú ar na Rialacháin Scrúdaithe (QA230).

m. Tá na rialacháin seo le léamh i gcomhar le gach polasaí agus nós imeachta ábhartha de chuid Ollscoil na Gaillimhe, lena n-áirítear polasaithe GDPR agus Cosanta Sonraí.

**Freagrachtaí**

Tá Oifig na Scrúduithe freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán scrúduithe. Tá gach iarrthóir atá ag tabhairt faoi scrúduithe Ollscoile freagrach as é/í féin a chur ar an eolas faoi na rialacháin scrúduithe.

| **Ainm** | **Freagracht** |
|---|---|
| Oifig na Scrúduithe | Úinéir an Pholasaí |
| Gach iarrthóir ag scrúduithe Ollscoile | Comhlíonadh an pholasaí |
| Oifig na Scrúduithe | A chinntiú go gcuirtear Leasuithe polasaí i bhfeidhm ar an bpolasaí |

**Cáipéisí/Ceangaltáin Ghaolmhara**

- QA230 Nósanna Imeachta chun Déileáil le Sárú ar na Rialacháin Scrúdaithe
- QA228 Marcanna agus Caighdeáin Fochéime
- QA236 Marcanna agus Caighdeáin Iarchéime